Rialtas nua in Stormont

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chruinniú tábhachtach a bhí in Stormont. An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

- ♣ devolved government _____
- ♣ funding _____
- ♣ Executive _____
- ♣ full support _____
- ♣ notwithstanding that _____
- ♣ Johnson didn't conceal _____
- ♣ correct balance _____
- ♣ agreement _____
- ♣ differences of opinion _____
- ♣ said he _____
- ♣ approaching _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé hiad na polaiteoirí ar fad a d'fhreastail ar an gcruinniú agus a luadh sa mhír?

2. An bhfuil an ráiteas seo fíor nó bréagach: Labhair Boris Johnson faoin tsuim airgid – £2 billiún?

3. Cad a bhí le rá ag Boris Johnson nuair a labhair sé os comhair na gceamaraí?

4. Cén fáth a mbeadh áthas ar Leo Varadkar agus ar Simon Coveney?

Ceist 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an tuairisc arís agus cumaigí trí cheannlíne a cheapann sibh a bheadh oiriúnach don mhír.

Ceist 4 Líon isteach na bearnaí leis an bhfoirm cheart den tuiseal ginideach. Éist leis an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

- i dTuaisceart (Éire) _____
- Príomh-Aire (an Bhreatain) _____
- faoi mhaoiniú (an Feidhmeannas) _____
- os comhair (na ceamaraí) _____
- i ndiaidh (an Breatimeacht) _____
- le linn (na trioblóidí) _____
- i ndeireadh (an dáil) _____
- Rialtas (Éire) _____
- ar dheireadh (an mhí) _____

Ceist 5 Cad is brí leis an abairt thíos a bhí sa mhír?

'Dúirt sé nár cheart coireanna a ligean le duine ar bith'

Cén Ghaeilge a chuirfeá ar na habairtí seo thíos? Bíodh an briathar 'lig' i ngach abairt a chumann tú.

- *Let the guy go to the cinema if he wants to.*
- *She let me into her secret.*
- *Don't let your friends down.*
- *Pretend that you know what you are doing.*
- *Stop talking like that.*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin? Cad a cheapann tú faoin gcanúint sin?
2. An ceannairí maithe iad Boris Johnson agus Leo Varadkar? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

devolved government	*rialtas díláraithe*
funding	*maoiniú*
Executive	*Feidhmeannas*
full support	*tacaíocht iomlán*
notwithstanding that	*ainneoin sin*
Johnson didn't conceal	*níor cheil Johnson*
correct balance	*cothromaíocht cheart*
agreement	*comhaontú*
differences of opinion	*malairtí tuairime*
said he	*ar seisean*
approaching	*ag tarraingt ar*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Mar shampla:
'Cá bhfuil an t-airgead?'
'Dul chun cinn sa Tuaisceart'
'Baothchaint Johnson'
'Tús maith leath an airgid'
'Tacaíocht choinníollach'

Ceist 4

i dTuaisceart Éireann
Príomh-Aire na Breataine
faoi mhaoiniú an Fheidhmeannais
os comhair na gceamaraí
i ndiaidh an Bhreatimeachta
le linn na dtrioblóidí
i ndeireadh na dála
Rialtas na hÉireann
ar dheireadh na míosa

Ceist 5

Lig don fhear dul go dtí an phictiúrlann más mian leis é.
Lig sí a rún chugam.
Ná lig síos do chuid cairde.
Lig ort féin go bhfuil a fhios agat cad atá á dhéanamh agat.
Lig díot an chaint sin.

Ceist 6

Is féidir grúpaí de thriúr nó de cheathrar a chur le chéile chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.
Tá canúint Uladh ag Ailbhe Ó Monacháin.

Eimear Ní Chonaola
Lá maith d'Éirinn agus don Bhreatain é nuair atá rialtas díláraithe bunaithe arís i dTuaisceart Éireann, a dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar agus é in Stormont inniu. Bhí Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, in Stormont freisin agus cruinniú aige leis na páirtithe polaitíochta faoi mhaoiniú an Fheidhmeannais.

Ailbhe Ó Monacháin
Mhol Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, páirtithe Thuaisceart Éireann inniu as an tír a bhogadh ar aghaidh. I ndiaidh cruinniú a bhí aige ar maidin ag Stormont leis an Chéad-Aire, Arlene Foster agus an LeasChéad-Aire, Michelle O'Neill, gheall an Príomh-Aire go mbeadh tacaíocht iomlán Rialtas na Breataine ar fáil don rialtas úr. Dúirt sé gur thuig sé go bhfuil ceisteanna á gcur faoin airgead a bheadh as Rialtas Westminster agus tá ciste £2 billiún luaite le tacú leis an chomhaontú úr cheana féin. Ainneoin sin, níor luaigh an Príomh-Aire Johnson suim airgid ar bith inniu.

Os comhair na gceamaraí, níor cheil Johnson an lúcháir a bhí air go bhfuil cumhacht anseo díláraithe arís. Dúirt an Príomh-Aire go bhfuil caidreamh maith idir an dá thír cheana féin ach go bhfuil deiseanna ann an caidreamh sin a neartú agus gur féidir na deiseanna sin a úsáid níos mó, go háirithe i ndiaidh an Bhreatimeachta. Dúirt Johnson fosta, go gcinntíonn an socrú úr do Stormont go mbeidh cothromaíocht cheart idir tacaíocht a thabhairt d'iarbhaill de na Fórsaí Slándála a bhí ag obair le linn na dtrioblóidí agus, fosta, an fhírinne a lorg agus a thabhairt do dhaoine a chaill gaolta de bharr foréigin. Dúirt sé nár cheart coireanna a ligean le duine ar bith, ach ag an am céanna nach mbeadh sé ceart an dlí a chur ar iarshaighdiúirí mura bhfuil fianaise úrnua ar bith faighte faoi choireanna.

Agus é ar cuairt tráthnóna, dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar, go bhfuil comhaontú déanta maidir leis an chur chuige faoin cheist seo. Agus, ainneoin go bhfuil deacrachtaí agus malairtí tuairime ann faoin cheist, beidh sé ina chuidiú, ar seisean, go mbeidh cúig pháirtí ag obair le chéile sa rialtas úr.

I ndeireadh na dála inniu, tá dhá mharc bhreise curtha ar *Curriculum Vitae* ag an Taoiseach agus ag an Aire Gnóthaí Eachtracha do Rialtas na hÉireann anseo inniu. Beidh sé le rá acu agus iad ag dul isteach in olltoghchán, gur éirigh leo Stormont a athbhunú arís agus réiteach sásúil a fháil ar Bhreatimeacht, agus muid ag tarraingt ar dheireadh na míosa.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 ag Stormont.